Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**15152/24**

**FIN 956**
**COMPET 1069**
**IND 501**
**ENER 528**
**CLIMA 389**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14481/24 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: ‘Beartas tionsclaíoch an Aontais maidir le hidrigin in-athnuaite – Creat dlíthiúil glactha den chuid is mó, ach is mithid seiceáil réaltachta’ (arna nglacadh an 5 Samhain 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal ‘Beartas tionsclaíoch an Aontais maidir le hidrigin in-athnuaite – Creat dlíthiúil glactha den chuid is mó, ach is mithid seiceáil réaltachta’ a ghlac an Chomhairle ag an 4055ú cruinniú a bhí aici an 5 Samhain 2024.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**

**'Beartas tionsclaíoch an Aontais maidir le hidrigin in-athnuaite – Creat dlíthiúil glactha den chuid is mó, ach is mithid seiceáil réaltachta'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

I bhFIANAISE thiomantas an Aontais Eorpaigh a bheith aeráidneodrach faoi 2050 agus AGUS É Á AITHINT aici gur céimeanna tábhachtacha iad táirgeadh agus úsáid hidrigine in-athnuaite chun tionscail an Aontais a dhícharbónú agus chun spleáchais a laghdú,

1. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Beartas tionsclaíoch an Aontais maidir le hidrigin in-athnuaite – Creat dlíthiúil glactha den chuid is mó, ach is mithid seiceáil réaltachta';

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndírítear sa Tuarascáil Speisialta ar mheasúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí a bhí an Coimisiún maidir leis na dálaí cearta a chruthú do na margaí hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin atá ag teacht chun cinn, i bhfianaise impleachtaí suntasacha an aistrithe sin do thodhchaí phríomhthionscail an Aontais, ar cé acu a ghlac an tAontas na gníomhartha dlíthiúla is gá chun tacú leis an margadh nuaghinte le haghaidh hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin go héifeachtach agus go tráthúil nó nach ndearna, agus cé acu a chomhordaigh an Coimisiún cruthú margaidh go hiomchuí idir a sheirbhísí féin, leis na Ballstáit agus leis an tionsclaíocht nó nach ndearna; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndéantar meastóireacht sa Tuarascáil Speisialta freisin ar chláir chistiúcháin an Aontais chun go mbeidh an slabhra luacha hidrigine in ann forbairt i dtimpeallacht atá ag athrú go tapa;

3. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil an Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa bunaithe ar mheasúnú ar raon leathan teachtaireachtaí beartais agus beart, go háirithe, Straitéis Hidrigine an Aontais[1], an Plean REPowerEU[2], an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (RED III)[3], Rialachán Eitlíochta ReFuelEU[4], Rialachán Muirí FuelEU[5], an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta[6] agus an Pacáiste Gáis[7];

4. MEABHRAÍTEAR DI gur ghlac an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa gníomhartha reachtacha tábhachtacha, go háirithe an Pacáiste Gáis agus Hidrigine agus an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, chun tacú le cuspóirí fuinnimh agus aeráide an Aontais agus chun iomaíochas thionscal straitéiseach glan-nialasachta an Aontais a neartú, agus go rannchuideoidh na gníomhartha reachtacha sin freisin le teacht chun cinn éiceachóras hidrigine na hEorpa; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur gá an creat dlíthiúil atá ann cheana a chur chun feidhme, go háirithe leis an oibleagáid faoi Airteagal 9 den Treoir maidir le Gás;

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A hydrogen strategy for a climate-neutral Europe* [Straitéis hidrigine um Eoraip aeráidneodrach] (COM(9390) 20 final).

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Plean REPowerEU' (9787/22).

3 Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle.

4 Rialachán (AE) 2023/2405 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le cothrom na Féinne a áirithiú d'aeriompar inbhuanaithe (ReFuelEU Aviation).

5 Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE.

6 Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724.

7 Treoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna do na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, do ghás nádúrtha agus do hidrigin, lena leasaítear Treoir (AE) 2023/1791 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/73/CE (athmhúnlú), agus Rialachán (AE) 2024/1789 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir leis na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, gás nádúrtha agus hidrigin, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1227/2011, (AE) 2017/1938, (AE) 2019/942 agus (AE) 2022/869 agus Cinneadh (AE) 2017/684 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 (athmhúnlú).

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na barúlacha, na conclúidí agus na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta, eadhon teacht ar an mbealach straitéiseach chun cinn chun dícharbónú a bhaint amach agus slabhra luacha hidrigine a fhorbairt i dtreo 2030 agus ina dhiaidh sin d'fhonn staid iomaíoch phríomhthionscail an Aontais a chaomhnú agus a neartú, tuairisciú iontaofa a fháil ar shonraí cistiúcháin náisiúnta faoin Rialachán maidir le Rialachas[8], measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht shocruithe cistiúcháin an Aontais do thionscail, faireachán a dhéanamh ar phróisis cheadaithe sna Ballstáit i ndáil leis na spriocdhátaí trasuímh, agus tabhairt faoi thacaíocht agus faoi ghníomhaíochtaí comhordaithe le tionscal na hidrigine agus ar a shon;

6. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide na mBallstát a chur san áireamh ar bhealach níos fearr agus na spriocanna mianaidhme ar leibhéal an Aontais maidir le táirgeadh agus allmhairiú hidrigine á meas;

7. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart, in éineacht leis an acmhainneacht táirgeachta le haghaidh hidrigine, arna forlíonadh le hallmhairí, an gréasán Eorpach idirnasctha riachtanach a fhorbairt freisin chun iompar agus stóráil trasteorann hidrigine a éascú chun táirgeoirí agus ceannaitheoirí a nascadh, agus gur cheart pleanáil iomchuí bonneagair a chur san áireamh;

8. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na moltaí ó Thuarascáil Speisialta Uimh. 11/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur san áireamh agus obair leantach a dhéanamh ar na moltaí sin le gníomhaíochtaí comhleanúnacha, agus an chothromaíocht cheart á háirithiú ag an am céanna idir buntáiste iomaíoch thionscal na hEorpa agus slándáil infheisteoirí.

---

[8] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 663/2009 agus (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.